Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

15139/22

LIMITE

EJUSTICE 91
JURINFO 13
JAI 1531
JUSTCIV 158
CODEC 1819
COPEN 404

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0394(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coreper/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14850/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh<br>- Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh.

Na hathruithe a rinneadh ar an mbuntogra ón gCoimisiún, léirítear i **gcló dubh** iad i gcás téacs a cuireadh isteach agus le **[...]** i gcás téacs a baineadh amach.

Cuirfear an téacs sin ar aghaidh chuig Coreper agus chuig an gComhairle lena fhormhuiniú mar chur chuige ginearálta.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2)(e) agus (f), agus Airteagal 82(1)(d) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht uaidh an 2 Nollaig 2020 maidir le digiteáil an cheartais san Aontas[1], shainaithin an Coimisiún an gá atá le creat reachtach nósanna imeachta trasteorann an Aontais a nuachóiriú sa dlí sibhialta, tráchtála agus coiriúil, i gcomhréir leis an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú', agus na coimircí riachtanacha uile á n-áirithiú ag an am céanna chun eisiamh sóisialta a sheachaint.

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Digiteáil an cheartais san Aontas Eorpach. Bosca uirlisí de dheiseanna, COM(2020) 710 final.



PUBLIC

(2) Rochtain ar an gceartas a éascú le haghaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus an comhar breithiúnach idir na Ballstáit a éascú, tá siad i measc phríomhchuspóirí limistéar saoirse, slándála agus ceartais mar atá cumhdaithe i dTeideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) Chun críocha comhar breithiúnach agus rochtain ar cheartas a fheabhsú, ba cheart gníomhartha dlí an Aontais lena ndéantar foráil maidir le cumarsáid idir údaráis inniúla, lena n-áirítear gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, agus idir údaráis inniúla agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha **in ábhair shibhialta agus thráchtála**, a chomhlánú le coinníollacha maidir leis an gcumarsáid sin a dhéanamh trí mhodhanna digiteacha.

(4) Féachtar leis an Rialachán seo éifeachtacht agus luas nósanna imeachta breithiúnacha a fheabhsú agus rochtain ar an gceartas a éascú trí na bealaí cumarsáide atá ann cheana a dhigiteáil, agus ba cheart coigilteas costais agus ama, laghdú ar an ualach riaracháin, agus athléimneacht fheabhsaithe i gcúinsí force majeure a bheith ann dá bharr le haghaidh na n-údarás uile atá páirteach i gcomhar breithiúnach trasteorann. Ba cheart laghdú teacht ar an moill ar phróiseáil na gcásanna de thoradh úsáid na mbealaí cumarsáide digiteacha idir údaráis inniúla, agus ba cheart do dhaoine aonair agus eintitis dhlíthiúla tairbhe a bhaint as sin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin freisin i réimse na n-imeachtaí coiriúla trasteorann i gcomhthéacs chomhrac an Aontais i gcoinne na coireachta. I ndáil leis an méid sin, is céim chun tosaigh é an t-ardleibhéal slándála is féidir a sholáthar trí bhealaí cumarsáide digiteacha, agus maidir le cearta na ndaoine lena mbaineann a chosaint agus maidir lena bpríobháideacht agus a sonraí pearsanta a chosaint.

(5) Tá sé tábhachtach go ndéantar cainéil iomchuí a fhorbairt chun a áirithiú gur féidir le córais cheartais comhoibriú go héifeachtúil go digiteach. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach ionstraim teicneolaíochta faisnéise a bhunú ar leibhéal an Aontais lenar féidir sonraí a bhaineann le cásanna a mhalartú go leictreonach idir údaráis inniúla ar bhonn pras, díreach, idir-inoibritheach iontaofa agus slán thar theorainneacha.

PUBLIC

(6) Tá uirlisí ann a forbraíodh chun sonraí a bhaineann le cásanna a mhalartú go digiteach, gan na córais TF atá ar bun cheana a mhalartú nó gan gá a bheith ann le modhnuithe costasacha orthu atá ar bun cheana sna Ballstáit. An Tionscadal r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí ar Líne (e-CODEX), tá sé ar an bpríomhuirlis den sórt sin a forbraíodh go dtí seo.

(7) Trí chainéil dhigiteacha a bhunú le haghaidh cumarsáid trasteorann, ba cheart rannchuidiú go díreach le rochtain ar an gceartas a fheabhsú, trína chur ar chumas daoine nádúrtha agus dlítheanacha cosaint a gceart a lorg agus a n-éilimh a fhionnadh, imeachtaí a thionscnamh, sonraí a bhaineann le cásanna a mhalartú i bhfoirm dhigiteach le húdaráis bhreithiúnacha nó le húdaráis inniúla eile, i nósanna imeachta a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais i réimse na n-ábhar sibhialta agus tráchtála.

(8) Ba cheart digiteáil na cumarsáide **[...]** a chumhdach leis an Rialachán seo i gcásanna lena mbaineann impleachtaí trasteorann agus a thagann faoi raon feidhme ghníomhartha dlíthiúla an Aontais in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla. Ba cheart na gníomhartha sin a liostú sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. **Cumarsáid [...]** idir údaráis inniúla agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, mar shampla Eurojust **[...] nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, i gcás inarb inniúil iad faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn II**, ba cheart í a chumhdach freisin leis an Rialachán seo. **I gcás inarb inniúil cleachtóirí dócmhainneachta faoin dlí náisiúnta chun éilimh a fháil arna dtaisceadh ag creidiúnaí eachtrach in imeachtaí dócmhainneachta faoi Rialachán 2015/848, ba cheart iad a mheas mar údaráis inniúla de réir bhrí an Rialacháin seo.**

**(8-a)** **[...]** Ba cheart a chinneadh **an mbeidh cás** le meas mar ábhar a bhfuil impleachtaí trasteorann aige faoi na gníomhartha dlíthiúla a liostaítear in **[...] Iarscríbhinní** I agus **[...]** II a ghabhann leis an Rialachán seo. I gcás ina luaitear go sainráite sna hionstraimí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus **[...]** II a ghabhann leis an Rialachán seo gur cheart nós imeachta cumarsáide idir údaráis inniúla a rialú faoin dlí náisiúnta, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo.

**(8a)** **Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Rialachán seo maidir le cumarsáid ó bhéal mar shampla ar an nguthán nó go pearsanta.**

(9) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le doiciméid a sheirbheáil de bhun Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] **[...]**[3], ná maidir le fianaise a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]**[...]**[5], lena bhforordaítear cheana féin a rialacha féin maidir le comhar breithiúnach a dhigiteáil. **Mar sin féin, chun feabhas a chur ar sheirbheáil leictreonach doiciméad atá le cur i gcrích go díreach ar dhuine a bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála aige i mBallstát eile, tugtar leasuithe áirithe isteach ar Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].**

---

2 Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40).

3 **[...]**

4 Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála (fianaise a ghlacadh) (athmhúnlú) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 1).

5 **[...]**

6 **Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40).**



PUBLIC

(10) Chun cumarsáid shlán, ghasta, idir-inoibritheach, rúnda agus iontaofa a áirithiú idir na Ballstáit chun críocha nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla, ba cheart **[...]** teicneolaíocht chumarsáide nua-aimseartha iomchuí a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le sláine agus iontaofacht an doiciméid a fhaightear agus maidir le sainaithint na rannpháirtithe sa chumarsáid. Dá bhrí sin, ba cheart córas TF díláraithe atá slán agus iontaofa a úsáid. Dá réir sin, is gá an córas TF sin a bhunú le haghaidh malartuithe sonraí i nósanna imeachta breithiúnacha. De bhrí gur córas díláraithe é an córas TF sin, bheifí in ann malartuithe sonraí slána **[...]** idir **[...]** **údaráis inniúla** a dhéanamh leis gan aon bhaint a bheith ag aon cheann d'institiúidí an Aontais le bunábhar na malartuithe sin.

(11) Ba cheart an córas TF díláraithe a bheith comhdhéanta de chórais cúil na mBallstát agus ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais, agus de phointí rochtana idir-inoibritheacha, trína bhfuil siad idirnasctha. Ba cheart do phointí rochtana an chórais TF díláraithe a bheith bunaithe ar e-CODEX.

(12) Chun críocha an Rialacháin seo, **[...] d'fhéadfadh** na Ballstáit úsáid a bhaint as **[...]** bogearraí arna bhforbairt ag an gCoimisiún (bogearraí cur chun feidhme tagartha) **in ionad córas TF náisiúnta**. **Ba cheart na bogearraí cur chun feidhme tagartha sin a bheith bunaithe ar struchtúr modúlach, rud a chiallaíonn go ndéantar na bogearraí a phacáistiú agus a sheachadadh ar leithligh ó na comhpháirteanna e-CODEX is gá chun iad a nascadh leis an gcóras TF díláraithe. Ba cheart go gcuirfeadh an struchtúr sin ar chumas na mBallstát na bonneagair cumarsáide breithiúnaí náisiúnta atá acu cheana a athúsáid nó a fheabhsú chun críche úsáide trasteorann. Maidir le hábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála, d'fhéadfadh na Ballstáit bogearraí a úsáid freisin a d'fhorbair Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach (iSupport).**

PUBLIC

**(12a)** Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as bogearraí tagartha cur chun feidhme a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt i gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ba cheart don Choimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir le riachtanais agus prionsabail na cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] **[...]**, Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], **agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[9], go háirithe prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar aon le hardleibhéal cibearshlándála. Ba cheart bearta teicniúla iomchuí a áireamh leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha freisin, agus ba cheart na bearta eagrúcháin is gá a chumasú chun an leibhéal slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú, ar leibhéal é atá iomchuí do mhalartú faisnéise i gcomhthéacs nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann. **Chun idir-inoibritheacht le córais náisiúnta TF a áirithiú, ba cheart na bogearraí cur chun feidhme tagartha a bheith in ann na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/850 iad, a chur chun feidhme le haghaidh na n-ionstraimí dlí comhfhreagracha a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II.**

PUBLIC

---

7 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1).

9 **Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).**

(13) Chun cúnamh tapa, slán agus éifeachtúil a thabhairt d'iarratasóirí, ba cheart, de ghnáth, cumarsáid **[...]** idir údaráis inniúla, mar shampla cúirteanna agus Údaráis Lárnacha a bunaíodh faoi Rialachán (CE) 4/2009 ón gComhairle[10] agus Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle[11], a dhéanamh tríd an gcóras TF díláraithe. **[...]**

PUBLIC

(14) D'fhéadfadh sé go mbeadh sé dodhéanta tarchur a dhéanamh tríd an gcóras TF díláraithe mar gheall ar shuaitheadh ar an gcóras nó i gcás ina mbeadh sé dodhéanta de bharr chineál an rud atá le tarchur an tarchur a dhéanamh trí mhodhanna digiteacha, mar shampla dá mbeadh fianaise fhisiceach/ábhartha le tarchur **nó dá mba ghá an doiciméad bunaidh a tharchur i bhformáid pháipéir chun measúnú a dhéanamh ar a bharántúlacht nó in imthosca eisceachtúla, mar shampla doiciméadacht thoirtiúil a thiontú go foirm leictreonach, rud a chuirfeadh ualach riaracháin díréireach ar an údarás inniúil seolta.** I gcás nach n-úsáidtear an córas TF díláraithe, ba cheart an chumarsáid a dhéanamh trí na modhanna malartacha is iomchuí. Leis na modhanna malartacha sin, ba cheart, *inter alia*, an tarchur a dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus ar bhealach slán trí mhodhanna leictreonacha slána eile nó tríd an tseirbhís phoist.

---

10 Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, leis an dlí is infheidhme, le haithint agus forghníomhú breitheanna agus le comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála (IO L 7, 10.1.2009, lch. 1-79).

11 Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO L 178, 2.7.2019, lch. 1).

(15) Chun solúbthacht an chomhair bhreithiúnaigh a áirithiú i nósanna imeachta breithiúnacha áirithe, d'fhéadfadh modhanna eile cumarsáide a bheith níos iomchuí. Go háirithe, d'fhéadfadh **[...]** sé sin a bheith iomchuí do chumarsáid dhíreach idir cúirteanna faoi Rialachán (AE) 2019/1111 agus Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], chomh maith le cumarsáid dhíreach idir na húdaráis inniúla **faoi [...] Chinntí Réime 2005/214/CGB[13], 2006/783/CGB[14], 2008/909/CGB[15], 2008/947/CGB[16], 2009/829/CGB[17] ón gComhairle, Treoir 2014/41/AE[18] nó Rialachán (AE) 2018/1805[19] lena gceadaítear an chumarsáid idir na húdaráis inniúla a dhéanamh trí mhodh ar bith nó trí aon mhodh iomchuí.** I gcásanna mar sin, d'fhéadfaí modhanna cumarsáide nach bhfuil chomh foirmiúil céanna a úsáid, mar shampla ríomhphost. **D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin nuair a bhíonn gá le cumarsáid phearsanta dhíreach ag na húdaráis inniúla. Ós rud é go ndéileálann údaráis inniúla le sonraí íogaire, ba cheart gnéithe slándála agus iontaofacht an mhalartaithe faisnéise a chur san áireamh i gcónaí agus na modhanna iomchuí cumarsáide á roghnú.**

---

12 Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

13 **Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lgh. 16-30).**

14 **Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe coigistíochta (IO L 328, 24.11.2006, lgh. 59-78).**

15 **Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach (IO L 327, 5.12.2008, lgh. 27-46).**

16 **Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha (IO L 337, 16.12.2008, lgh. 102-122).**

17 **Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach (IO L 294, 11.11.2009, lgh. 20-40).**

18 **Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lgh. 1-36).**

19 **Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta (IO L 303, 28.11.2018, lch. 1).**



PUBLIC

(16) Maidir leis na comhpháirteanna den chóras TF dhíláraithe atá faoi fhreagracht an Aontais, **i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[20], ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag an eintiteas a bhainistíonn comhpháirteanna an chórais chun a bhfeidhmiú cuí a áirithiú.

(17) Chun rochtain ar na húdaráis inniúla a éascú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha **in ábhair shibhialta agus thráchtála**, ba cheart don Rialachán seo pointe rochtana ar leibhéal an Aontais (an pointe rochtana leictreonach Eorpach) a bhunú, mar chuid den chóras TF díláraithe trínar cheart do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bheith in ann éilimh a chomhdú, iarrataí **[...]** a sheoladh, faisnéis atá ábhartha ó thaobh nós imeachta de a sheoladh, a fháil **agus a stóráil** agus cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla **sna cásanna atá cumhdaithe leis an Rialachán seo nó trínar cheart go mbeifí in ann doiciméid bhreithiúnacha nó sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil orthu[...]**. Ba cheart an pointe rochtana leictreonach Eorpach a óstáil ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, a fheidhmíonn mar ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéis bhreithiúnach agus seirbhísí breithiúnacha san Aontas.

**(18) [...]**

[20] Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX) agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch.1).



PUBLIC

(19) I gcomhthéacs na cumarsáide i gcásanna trasteorann idir daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus údaráis inniúla **in ábhair shibhialta agus thráchtála,** ba cheart cumarsáid leictreonach a úsáid mar rogha mhalartach ar na modhanna cumarsáide atá ann cheana, **lena n-áirítear modhanna náisiúnta**, **gan difear a dhéanamh don chaoi a ndéanann daoine nádúrtha nó dlítheanacha cumarsáid lena n-údaráis náisiúnta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.** Dá ainneoin sin, chun a áirithiú nach gcuirfidh rochtain ar an gceartas trí mhodhanna digiteacha tuilleadh leis an deighilt dhigiteach, ba cheart rogha na modhanna cumarsáide idir an chumarsáid leictreonach, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus modhanna eile cumarsáide a fhágáil faoi rogha na ndaoine aonair lena mbaineann. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin **[...]** i gcás daoine in imthosca sonracha **[...]**, mar shampla iad siúd **[...] nach mbeadh** na modhanna teicniúla nó na scileanna digiteacha is gá acu chun rochtain a bheith acu ar sheirbhísí digiteacha **agus iad siúd atá faoi mhíchumas, ós rud é go bhfuil gealltanas tugtha ag na Ballstáit agus ag an Aontas bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas**.

(20) Chun feabhas a chur ar chumarsáid agus tarchur leictreonach trasteorann doiciméad tríd an gcóras TF díláraithe, **lena n-áirítear tríd** an bpointe rochtana leictreonach Eorpach **[...]**, níor cheart éifeacht dhlíthiúil a dhiúltú do na doiciméid sin agus níor cheart a mheas go bhfuil siad neamh-inghlactha sna himeachtaí ar an aon fhoras amháin gur i bhfoirm leictreonach atá siad. Mar sin féin, ba cheart an prionsabal sin a bheith gan dochar do mheasúnú ar éifeachtaí dlíthiúla nó inghlacthacht na ndoiciméad sin, a **[...] d'fhéadfadh** a bheith ina bhfianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. **[...]**

(21) Chun éisteachtaí ó bhéal a éascú in imeachtaí in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo go bhféadfaí físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile a úsáid i gcomhair rannpháirtíocht na bpáirtithe sna héisteachtaí sin, **faoi réir an teicneolaíocht ábhartha a bheith ar fáil**. **Ní chuirtear cosc leis an Rialachán seo ar dhaoine a thugann cúnamh do pháirtí ná ar ionchúisitheoirí poiblí in ábhair shibhialta agus thráchtála, freastal ar éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.** Ba cheart an nós imeachta chun éisteachtaí a **[...]** thionscnamh **[...]** agus a sheoladh trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile a rialú le dlí an Bhallstáit **[...] ar cheart dó** an fhíschomhdháil á reáchtáil. **In ábhair choiriúla, ba cheart go dtuigfí gurb é an Ballstát a bhfuil an éisteacht á seoladh aige trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile an Ballstáit a bhfuil an fhíschomhdháil á iarraidh aige.** Níor cheart éisteacht **[...] trí** fhíschomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile a dhiúltú díreach toisc nach ann do rialacha náisiúnta lena rialaítear úsáid na teicneolaíochta cianchumarsáide. I gcásanna mar sin, ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag na rialacha is oiriúnaí atá ar fáil faoin dlí náisiúnta, ar nós na rialacha maidir le fianaise a ghlacadh. **I gcás ina bhforáiltear do thaifeadadh éisteachtaí faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil an éisteacht a seoladh aige in ábhair shibhialta nó thráchtála, ba cheart na páirtithe a chur ar an eolas faoin méid sin agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh, gur féidir leo diúltú don taifeadadh.**

**(21-a) I gcás ina bhfuil leanbh ag glacadh páirt in imeachtaí in ábhair shibhialta nó thráchtála, go háirithe mar pháirtí, faoin dlí náisiúnta, d’fhéadfadh an leanbh páirt a ghlacadh san éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile faoin Rialachán seo, agus a gcearta nós imeachta á gcur san áireamh. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil an leanbh rannpháirteach sna himeachtaí le go nglacfaí fianaise in ábhair shibhialta nó thráchtála, mar shampla i gcás ina bhfuil an leanbh le héisteacht mar fhinné, d’fhéadfaí an leanbh a éisteacht freisin trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1783.**

PUBLIC

**(21a) I gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil go mbeadh duine rannpháirteach le go nglacfaí fianaise in ábhair shibhialta nó thráchtála, ba cheart rannpháirtíocht an duine sin san éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile a rialú le Rialachán (AE) 2020/1783.**

**(21aa) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le húsáid físchomhdhála nó teicneolaíochta cianchumarsáide eile in imeachtaí sibhialta agus tráchtála i gcás ina bhfuil foráil déanta maidir leis an úsáid sin cheana sna gníomhartha dlíthiúla a liostaítear in Iarscríbhinn I.**

**(21ab) Na rialacha faoin Rialachán seo maidir le húsáid na físchomhdhála nó teicneolaíochta cianchumarsáide eile le haghaidh éisteachtaí i nósanna imeachta comhair breithiúnaigh in ábhair choiriúla, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le héisteachtaí trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile chun críocha fianaise a ghlacadh nó triail a reáchtáil a bhféadfadh cinneadh maidir le ciontacht nó neamhchiontacht duine atá faoi amhras nó atá cúisithe a bheith mar thoradh orthu. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2014/41/AE, don Choinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus do Chinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle.**

PUBLIC

**(21b) Chun an ceart chun triail chóir a fháil agus cearta na cosanta a choimirciú, ba cheart do na daoine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe a dtoiliú a thabhairt go n-úsáidfí físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile le haghaidh éisteacht i nósanna imeachta comhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. I gcás ina n-iarrfar ar dhuine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe a dtoiliú a thabhairt go n-úsáidfí físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo agus an ceart rochtain a bheith ag duine ar dhlíodóir dá bhforáiltear i dTreoir 2013/48/AE[21] á chur san áireamh. Ní fhéadfadh an t-údarás inniúil maolú ón gceanglas go dtabharfadh an duine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe toiliú ach amháin in imthosca eisceachtúla nuair a bheidh údar cuí leis sin ar na cúiseanna dosháraithe a shonraítear sa Rialachán seo.**

**(21c) I gcás ina sárófar cearta duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó ciontaithe i gcomhthéacs éisteachta trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, ba cheart rochtain ar leigheasanna éifeachtacha dlí a ráthú i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[22]. Ba cheart rochtain ar leigheasanna éifeachtacha dlí a ráthú freisin do dhaoine eile dá ndéantar difear seachas duine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe i gcomhthéacs a n-éisteachta trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile in imeachtaí faoi Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.**

---

[21] **Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus chun dul i dteagmháil le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalacha i gcás caillte saoirse. (IO 2013 L 294/1).**

[22] **Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 326, 26.10.2012, lgh. 391-407).**



PUBLIC

**(22)** **[...]**

(23) **[...]** Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] comhchreat rialála de chuid an Aontais chun modhanna ríomh-shainaitheantais agus ríomhsheirbhísí iontaoibhe a aithint (ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhsheirbhísí seachadta agus fíordheimhniú láithreán gréasáin) a aithnítear thar theorainneacha mar sheirbhísí a bhfuil an stádas céanna dlí acu agus atá ag a gcoibhéisí fisiciúla. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo seirbhísí iontaoibhe e-IDAS a chur i bhfeidhm chun críocha na cumarsáide digití.

PUBLIC

**(23a)** **I gcás ina n-éilíonn doiciméad arna tharchur mar chuid den chumarsáid leictreonach faoin Rialachán seo séala nó síniú, ba cheart do na húdaráis inniúla ríomhshéala cáilithe nó síniú cáilithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a úsáid agus ba cheart do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha ríomhshíniú nó ríomh-shainaitheantas leictreonach cáilithe a úsáid. Níor cheart, áfach, go ndéanfadh an Rialachán seo difear do na ceanglais fhoirmiúla is infheidhme maidir le doiciméid a thugtar ar aird chun tacú le hiarraidh, a d'fhéadfadh a bheith ina mbunchóipeanna digiteacha nó ina gcóipeanna deimhnithe. Ba cheart dó freisin a bheith gan dochar don dlí náisiúnta maidir le doiciméid a chomhshó.**

(24) Chun íocaíocht táillí a éascú i gcásanna lena mbaineann impleachtaí trasteorann agus a thagann faoi raon feidhme ghníomhartha dlíthiúla an Aontais in ábhair shibhialta agus thráchtála, ba cheart a bheith in ann **táillí a íoc go leictreonach** i dtimpeallacht ar líne **[...] a bheadh inrochtana tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach trí mhodhanna íocaíochta atá ar fáil go forleathan ar fud an Aontais, mar shampla cártaí creidmheasa, cártaí dochair, ríomhthiachóg agus aistrithe bainc**.

---

[23] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73–114).

(25) Chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Rialacháin seo go hiomlán agus chun gníomhartha dlí an Aontais atá ann cheana in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla a ailíniú leis an Rialachán seo, is gá leasuithe a thabhairt isteach sna gníomhartha dlí seo a leanas: Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], **Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**[26], Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], Rialachán (AE) 2015/848 agus Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. Féachann na leasuithe sin lena áirithiú go ndéanfar cumarsáid i gcomhréir leis na rialacha agus na prionsabail a leagtar amach sa rialachán seo. Déantar leasuithe ar Threoracha agus ar Chreat-Chinntí in ábhair shibhialta, tráchtála agus choiriúla a achtú i dTreoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.../... [Treoir Leasaitheach][29].

PUBLIC

[24] Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

[25] Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

[26] **Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (IO L 181, 29.6.2013, lch. 4).**

[27] Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú (IO L 189, 27.6.2014, lch. 59).

[28] **[...]**

[29] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/8/CE ón gComhairle, [...] **Cinntí Réime** 2002/584/CGB, 2003/577/CGB, 2005/214/CGB, 2006/783/CGB, 2008/909/CGB, 2008/947/CGB, 2009/829/CGB, 2009/948/CGB **ón gComhairle, [...] Treoracha** 2011/99/AE agus **[...]** 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh.

(26) I gcomhréir le míreanna 22 agus 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[30], ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn na faisnéise a bhailítear trí shocruithe sonracha faireacháin le haghaidh gach ceann de na gníomhartha dlíthiúla, a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhír an Rialacháin seo agus ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht eile.

(27) Maidir leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha a d’fhorbair an Coimisiún mar chóras cúil, ba cheart dóibh a bheith ríomhchláraithe chun na sonraí a bhailiú is gá chun críoch faireacháin agus ba cheart na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit córas náisiúnta TF a úsáid in ionad na mbogearraí cur chun feidhme tagartha a d’fhorbair an Coimisiún, **[...] féadfaidh** an córas sin a bheith in ann na sonraí sin a bhailiú ar bhonn cláir agus, sa chás sin, ba cheart na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún. **D’fhéadfaí fearas lena bhféadfaí sonraí staidrimh ábhartha a aisghabháil a fheistiú freisin ar an nascóir e-CODEX.**

30 An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14).



PUBLIC

(28) I gcásanna **[...]** nach féidir sonraí **maidir le líon na n-éisteachtaí inar úsáideadh físchomhdháil** a bhailiú go huathoibríoch, agus chun an t-ualach riaracháin **breise** a bhaineann le bailiú sonraí **[...] a theorannú**, ba cheart do gach Ballstát cúirt amháin nó údarás inniúil amháin ar a laghad a ainmniú chun críche sampla faireacháin a bhunú. An chúirt nó an t-údarás inniúil sin a ainmnítear, ba cheart a chur de chúram air nó uirthi na sonraí **sin** a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún maidir lena **himeachtaí** nó lena **imeachtaí [...]** féin, agus ba cheart go bhfónfadh siad chun meastachán a sholáthar ar leibhéal Ballstáit ar leith maidir leis na sonraí is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh an chúirt nó an t-údarás **[...]** ainmnithe **inniúil chun éisteachtaí a sheoladh trí fhíschomhdháil i gcomhréir leis** an Rialachán **[...]** seo. I réimsí ina meastar gur údaráis inniúla iad údaráis nach cúirteanna ná ionchúisitheoirí iad de réir bhrí an Rialacháin seo, mar shampla nótairí, ba cheart an sampla faireacháin ainmnithe a bheith ionadaíoch ar chur chun feidhme an Rialacháin chomh maith.

PUBLIC

(29) Ba cheart do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith gan dochar do chearta nós imeachta mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[31] agus i ndlí an Aontais iad, mar shampla na treoracha maidir le cearta nós imeachta[32], agus go háirithe don cheart chun ateangaire, don cheart chun rochtain a fháil ar dhlíodóir, don cheart chun rochtain a fháil ar an gcáschomhad, don cheart chun cúnamh dlíthiúil a fháil, agus don cheart chun bheith i láthair ag an triail.

PUBLIC

31 **[...]**

32 Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO 2010 L 280/1); Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO 2012 L 142/1); Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus chun dul i dteagmháil le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalacha i gcás caillte saoirse. (IO 2013 L 294/1); Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65/1); Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 132/1); Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí um barántas gabhála Eorpach (IO L 297 4.11.2016).

(30) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **[...]** agus ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] **agus ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]** maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar sa chóras TF díláraithe. Chun soiléiriú a dhéanamh ar an bhfreagracht as próiseáil sonraí pearsanta a sheoltar nó a fhaightear tríd an gcóras TF díláraithe, ba cheart rialaitheoir na sonraí pearsanta a shonrú sa Rialachán seo. Chun na críche sin, ba cheart a mheas go bhfuil críoch agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta ar leithligh déanta ag gach eintiteas seolta nó glactha.

(31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le córas TF díláraithe a bhunú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. **Ba cheart, leis na gníomhartha cur chun feidhme, go gcuirfí ar chumas na mBallstát a gcórais TF náisiúnta ábhartha a oiriúnú chun nascadh leis an gcóras TF díláraithe.**

PUBLIC

---

33 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

34 **Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).**

35 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(32) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit digiteáil chomhchuibhithe an chomhair bhreithiúnaigh trasteorann a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar, ar chúiseanna mar shampla gan aon ráthaíocht a bheith ann maidir le hidir-inoibritheacht chórais TF na mBallstát agus ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais, ach gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais , de bharr ghníomhaíocht chomhordaithe an Aontais, **[...]** **d'fhéadfadh** an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(33) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(34) **[...]** I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.**[...]**

**[...]**

**[...]**

(35) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an **25 Eanáir 2022**,

PUBLIC

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

PUBLIC

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat dlíthiúil le haghaidh cumarsáid leictreonach idir údaráis inniúla i nósanna imeachta maidir le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla agus le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus údaráis inniúla i nósanna imeachta breithiúnacha in ábhair **[...]** shibhialta agus thráchtála agus choiriúla.

Ina theannta sin, leagtar síos ann rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) úsáid físchomhdhála nó teicneolaíochta cianchumarsáide eile chun críoch eile seachas fianaise a ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2020/1783;

(b) ríomhsheirbhísí iontaoibhe a chur chun feidhme;

(c) éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad;

(d) táillí a íoc go leictreonach.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le **[...] cumarsáid leictreonach i nósanna imeachta comhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla, mar a shonraítear in Airteagail 3 agus 4, agus éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna eile teicneolaíochta cianchumarsáide in ábhair shibhialta, thráchtála agus choiriúla, mar a shonraítear in Airteagail 7 agus 8.**

**[...]**

**[...]**

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn '*údaráis inniúla*' cúirteanna, **oifigí** ionchúisitheoirí poiblí **[...]**, **údaráis lárnacha agus** údaráis **inniúla** eile **[...] mar a shainmhínítear iad sna** gníomhartha dlí **[...]** a liostaítear **[...]** in **Iarscríbhinní** I agus **[...]** II **agus a ainmnítear nó a fhógraítear** i gcomhréir leis na gníomhartha dlí sin, **chomh maith le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais a ghlacann páirt i nósanna imeachta comhair bhreithiúnaigh i gcomhréir le forálacha na ngníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn II. Chun críocha Airteagail 7 agus 8 den Rialachán seo, ciallaíonn údarás inniúil freisin aon chúirt nó aon údarás eile atá inniúil faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais chun éisteachtaí a sheoladh trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile in ábhair shibhialta, thráchtála nó choiriúla;**

(2) ciallaíonn '*cumarsáid leictreonach*' malartú digiteach faisnéise ar an idirlíon nó ar líonra cumarsáide leictreonaí eile;

**[...]**

PUBLIC

(**[...] 3**) ciallaíonn '*córas TF díláraithe*' líonra de chórais TF agus de phointí rochtana idir-inoibritheacha, a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit, gníomhaireachta nó comhlachta de chuid an Aontais lenar féidir faisnéis a mhalartú trasteorann ar bhealach slán iontaofa;

(**[...] 4**) Ciallaíonn '*pointe rochtana leictreonach Eorpach*' **[...] tairseach** atá inrochtana ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha **nó ag a n-ionadaithe** ar fud an Aontais, **atá nasctha le pointe rochtana idir-inoibritheach i gcomhthéacs an chórais TF dhíláraithe;**

(**[...] 5**) Ciallaíonn '*táillí*' íocaíochtaí arna dtobhach ag údaráis inniúla i gcomhthéacs na n-imeachtaí faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

## CAIBIDIL II
## CUMARSÁID IDIR ÚDARÁIS INNIÚLA

*Airteagal 3*

*Modhanna cumarsáide idir údaráis inniúla*

1. Is trí chóras TF díláraithe slán iontaofa a dhéanfar **cumarsáid [...]** idir údaráis inniúla **[...] Ballstát éagsúil de bhun** na ngníomhartha dlí a liostaítear in **Iarscríbhinní** I agus **[...]** II **nó idir údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaireacht nó comhlacht de chuid an Aontais de bhun na ngníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn II,** lena n-áirítear malartú foirmeacha arna mbunú leis na gníomhartha sin.


PUBLIC

2. I gcás nach féidir cumarsáid leictreonach a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 mar gheall ar chur isteach ar an gcóras TF díláraithe, cineál an ábhair tarchurtha nó imthosca eisceachtúla, déanfar an tarchur ar an modh malartach is tapúla agus is iomchuí, agus an gá le malartú slán agus iontaofa faisnéise a áirithiú á chur san áireamh.

3. I gcás nach iomchuí an córas TF díláraithe a úsáid i bhfianaise imthosca sonracha na cumarsáide atá i gceist, féadfar aon mhodh cumarsáide eile a úsáid.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 den Airteagal seo maidir leis an malartú foirmeacha dá bhforáiltear leis na hionstraimí a liostaítear in **[...] Iarscríbhinní** I agus **[...]** II. **I gcásanna ina bhfuil údaráis inniúla Ballstát éagsúil i láthair ag an suíomh céanna i mBallstát chun críche cabhrú le forghníomhú nósanna imeachta comhair bhreithiúnaigh faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh siad na foirmeacha a mhalartú trí mhodhanna iomchuí eile.**

**5. Féadfaidh gach Ballstát a chinneadh go n-úsáidfí an córas TF díláraithe le haghaidh cumarsáid idir a údaráis náisiúnta i gcásanna a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I nó II.**

**6. Féadfaidh gníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais a chinneadh an córas TF díláraithe a úsáid le haghaidh cumarsáid laistigh den ghníomhaireacht nó den chomhlacht i gcásanna a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn II.**

PUBLIC

## CAIBIDIL III

## CUMARSÁID IDIR DAOINE NÁDÚRTHA NÓ DLÍTHEANACHA AGUS ÚDARÁIS INNIÚLA IN ÁBHAIR SHIBHIALTA AGUS THRÁCHTÁLA

PUBLIC

*Airteagal 4*

***[...]** An pointe rochtana leictreonach Eorpach*

1. Bunófar pointe rochtana leictreonach Eorpach ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas**[...]**.

**2. Féadfar an pointe rochtana leictreonaí Eorpach a úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó a n-ionadaithe agus údaráis inniúla sna cásanna seo a leanas:**

**(a) nósanna imeachta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006, Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 655/2014.**

**(b) nósanna imeachta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 805/2004;**

**(c) imeachtaí maidir le haitheantas, dearbhú in-fhorfheidhmitheachta nó diúltú aitheantais dá bhforáiltear i Rialachán (CE) 4/2009, Rialachán (AE) 650/2012, (AE) 1215/2012, [...] Rialachán (AE) 606/2013, [...] Rialachán (AE) 2016/1103, Rialachán (AE) 2016/1104, Rialachán (AE) 2019/1111.**

**(d) nósanna imeachta a bhaineann leis na nithe seo a leanas a eisiúint, a cheartú agus a tharraingt siar:**

- **sleachta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 4/2009,**
- **an Deimhniú Eorpach Comharbais agus na fianuithe dá bhforáiltear [...] i Rialachán (AE) 650/2012,**
- **deimhnithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012,**

– **deimhniú dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 606/2013,**

– **fianuithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 2016/1103,**

– **fianuithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 2016/1104,**

– **deimhniú dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 2019/1111;**

**(e) éileamh á thaisceadh ag creidiúnaí eachtrach in imeachtaí dócmhainneachta faoi Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2015/848;**

**(f) cumarsáid idir daoine nádúrtha nó dlítheanacha nó a n-ionadaithe leis na hÚdaráis Lárnacha faoi Rialachán (CE) 4/2009 agus Rialachán (AE) 2019/1111 nó na húdaráis inniúla faoi Chaibidil IV de Threoir 2003/8/CE.**

**2. [...]**

3. Ceadóidh an pointe rochtana leictreonaí Eorpach do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha **[...] nó dá n-ionadaithe, sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, nósanna imeachta a thionscnamh nó dul i mbun nósanna imeachta**, faisnéis nó doiciméid atá ábhartha ó thaobh nós imeachta de a sheoladh, **[...]** a fháil agus **a stóráil** agus cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla **nó go ndéanfaí doiciméid bhreithiúnacha nó sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil orthu**.

**Gan dochar d'Airteagal 9 den Rialachán seo, comhlíonfaidh an chumarsáid a dhéanfar tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach na forálacha nós imeachta is infheidhme i ndlí an Aontais [...] agus sa dlí náisiúnta.**

**4. Glacfaidh na húdaráis inniúla le cumarsáid leictreonach a tharchuirfear tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach sna cásanna dá dtagraítear i mír 2.**

PUBLIC

**5. Déanfaidh údaráis inniúla cumarsáid le daoine nádúrtha agus dlítheanacha nó lena n-ionadaithe sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 nó féadfaidh siad doiciméid a sheirbheáil orthu tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach, i gcás inar thug an duine nádúrtha nó dlítheanach sin nó a n-ionadaí toiliú sainráite roimh ré go n-úsáidfí an modh cumarsáide sin nó an modh seirbheála sin. Bainfidh gach toiliú go sonrach leis an nós imeachta ina dtugtar é agus tabharfar ar leithligh é chun críoch doiciméid a chur in iúl agus a sheirbheáil.**

**6. Beidh an Coimisiún freagrach as bainistiú teicniúil, forbairt, cothabháil, slándáil agus tacaíocht an phointe rochtana leictreonaigh Eorpaigh.**

***Airteagal 5***

***[...]***

**[...]**

PUBLIC

**[...]**

*Airteagal 6*

***[...]***

**[...]**

## CAIBIDIL IV
## ÉISTEACHT TRÍ FHÍSCHOMHDHÁIL NÓ TRÍ THEICNEOLAÍOCHT CHIANCHUMARSÁIDE EILE

PUBLIC

*Airteagal 7*

***[...] Bheith rannpháirteach in éisteacht** trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile in ábhair shibhialta agus thráchtála*

1. Gan dochar d'fhorálacha sonracha lena rialaítear úsáid na físchomhdhála nó na teicneolaíochta cianchumarsáide eile in imeachtaí faoi **[...] Rialacháin (AE) 2020/1783, (CE) 861/2007 agus (AE) 655/2014, in imeachtaí in ábhair shibhialta agus thráchtála ina bhfuil ceann de na páirtithe i mBallstát eile**, **[...] féadfaidh** na húdaráis inniúla **[...] na páirtithe agus a n-ionadaithe dlíthiúla** a cheadú a bheith rannpháirteach in éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile **[...]**

**[...]**

**[...]**

2. **An nós imeachta chun éisteacht a reáchtáil trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, déanfar é a rialú le dlí an Bhallstáit a bhfuil an fhíschomhdháil á reáchtáil aige.**

**[...]**

*Airteagal 8*

*Éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile in imeachtaí **[...]** coiriúla*

1. I gcás ina n-iarrann údarás inniúil Ballstáit éisteacht a thabhairt do dhuine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe agus atá i mBallstát eile in imeachtaí faoin iad seo a leanas**[...]**:

   – **Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle, go háirithe Airteagal 18(1)(a) de,**

PUBLIC

– **Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle, go háirithe Airteagal 6(3) de,**

– **Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle, go háirithe Airteagal 17(4) de,**

– **Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle, go háirithe Airteagal 19(4) de,**

– **Treoir 2011/99/AE, go háirithe Airteagal 6(4) de,**

– **Rialachán (AE) 2018/1805/CGB, go háirithe Airteagal 33(1) de,**

ceadóidh údarás inniúil **an Bhallstáit eile** dóibh a bheith rannpháirteach **[...] san** éisteacht **[...] trí** fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, ar choinníoll:

(a) tá an teicneolaíocht sin ar fáil;

(b) tugann imthosca áirithe an cháis údar le húsáid na teicneolaíochta sin; **agus**

(c) chuir na daoine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe a dtoiliú in iúl go n-úsáidfí físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile. **[...] Gan dochar do phrionsabal na trialach córa, ní fhéadfar toiliú na ndaoine sin a cheangal i gcás ina bhféadfadh an rannpháirtíocht phearsanta in éisteacht a bheith ina bagairt don tslándáil phoiblí nó don tsláinte phoiblí.**

PUBLIC

**1a. Más rud é, in imeachtaí faoi Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go n-iarrann údarás inniúil Ballstáit go dtabharfaí éisteacht do dhuine dá ndéantar difear mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 10 den Rialachán sin, seachas duine atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó ciontaithe agus atá i mBallstát eile, féadfar an éisteacht sin a sheoladh trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha mhír 1, pointí (a) agus (b) den Airteagal seo.**

PUBLIC

2. **[...]** Beidh **an tAirteagal seo** gan dochar do **[...] ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena gceadaítear** físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile a úsáid in **[...] ábhair choiriúla**.

3. Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an nós imeachta chun **éisteacht a sheoladh [...] trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile** a rialú le dlí an Bhallstáit **iarrthaigh [...]. Tiocfaidh na húdaráis inniúla iarrthacha agus na húdaráis inniúla iarrtha ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla.**

4. Déanfar rúndacht na cumarsáide idir daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe nó ciontaithe agus a ndlíodóir a áirithiú roimh an éisteacht agus lena linn trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile.

5. Sula dtabharfar éisteacht do leanbh trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, déanfar sealbhóirí freagrachta tuismitheora mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Threoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] nó duine fásta iomchuí eile mar a thagraítear dó in Airteagal 5(2) den Treoir sin a chur ar an eolas go pras. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh éisteacht a thabhairt do leanbh trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, cuirfidh an t-údarás inniúil leas an linbh san áireamh.

---

36 Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí a bhfuil drochamhras fúthu nó a bhfuil cúis curtha ina leith in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lgh. 1–20).

6. I gcás ina ndéantar foráil maidir le héisteachtaí a thaifeadadh faoi dhlí náisiúnta Ballstáit le haghaidh cásanna intíre, beidh feidhm ag na rialacha céanna freisin maidir le héisteachtaí trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile i gcásanna trasteorann. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí **i gcomhréir leis an dlí náisiúnta** chun a áirithiú go mbeidh na taifid sin slán agus nach scaipfear go poiblí iad.

**7. [...]**

## CAIBIDIL V
## SEIRBHÍSÍ IONTAOIBHE, ÉIFEACHTAÍ DLÍTHIÚLA RÍOMHDHOICIMÉAD AGUS RÍOMHÍOCAÍOCHT TÁILLÍ

*Airteagal 9*

*Ríomhshínithe agus ríomhshéalaí*

1. An creat dlíthiúil ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, beidh feidhm aige maidir leis an gcumarsáid leictreonach faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina gceanglaítear **[...]** séala nó **[...]** síniú **i gcomhréir leis na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, i ndoiciméad** arna tharchur mar chuid den chumarsáid leictreonach faoi Airteagal 3 den Rialachán seo, **beidh** ríomhshéala cáilithe nó ríomhshíniú cáilithe **[...]** mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 **[...]** sa doiciméad.

PUBLIC

3. I gcás ina gceanglaítear síniú **an duine atá ag tarchur an doiciméid** i ndoiciméad atá á tharchur mar chuid den chumarsáid leictreonach **sna cásanna dá dtagraítear in** Airteagal **[...] 4(2)** den Rialachán seo, comhlíonfaidh **an duine sin an ceanglas sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh**:

**(a) é féin a ríomh-shainaithint le leibhéal dearbhaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 8(2)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014; nó**

**(b) ríomhshíniú cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.**

PUBLIC

*Airteagal 10*

*Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad*

Ní dhiúltófar éifeacht dhlíthiúil do dhoiciméid a tharchuirfear mar chuid de chumarsáid leictreonach agus ní mheasfar go bhfuil siad neamh-inghlactha i gcomhthéacs nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in **[...] Iarscríbhinní** I agus **[...]** II ar an aon fhoras amháin gur i bhfoirm leictreonach atá siad.

*Airteagal 11*

*Táillí a íoc go leictreonach*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht táillí a íoc go leictreonach, lena n-áirítear táillí ó Bhallstáit seachas Ballstáit ina bhfuil an t-údarás inniúil lonnaithe.

2. **[...]** I gcás ina mbeidh sé indéanta, leis na modhanna íocaíochta leictreonaí táillí atá ar fáil, beidh siad inrochtana tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach.

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA NÓS IMEACHTA AGUS MEASTÓIREACHT

PUBLIC

*Airteagal 12*

*Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún*

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe, lena leagtar amach an méid seo a leanas:

(a) na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheáin leictreonacha chun críocha an chórais TF dhíláraithe;

(b) na sonraíochtaí teicniúla i dtaca leis na prótacail chumarsáide;

(c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear íoschaighdeáin slándála faisnéise agus ardleibhéal cibearshlándála maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláraithe;

(d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláraithe;

**(e) caighdeáin nós imeachta dhigiteacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/850;**

**(f) tráthchlár cur chun feidhme lena leagfar síos, *inter alia*, na dátaí a bheidh na bogearraí cur chun feidhme tagartha, dá dtagraítear in Airteagal 13, ar fáil, na dátaí a dhéanfaidh na húdaráis inniúla iad a shuiteáil, agus, i gcás inarb ábhartha, na dátaí a chríochnófar na coigeartuithe ar na córais náisiúnta TF is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais dá dtagraítear i bpointí (a) - (e); agus**

(g) **na sonraíochtaí teicniúla don phointe rochtana leictreonaí Eorpach, lena n-áirítear na modhanna a úsáidtear chun an úsáideoir a ríomh-shainaithint ar an leibhéal dearbhaithe a shainmhínítear in Airteagal 8(2)(c) de Rialachán (AE) 910/2014 agus an tréimhse choinneála chun faisnéis agus doiciméid a stóráil.**

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 16.

3. Na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe le haghaidh na ngníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 3 agus 4 **d'Iarscríbhinn I**, agus na gníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 2, 10, **agus 11 d'Iarscríbhinn II**, déanfar iad a ghlacadh [2 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].

4. Na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe le haghaidh na ngníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 1, **7a,** 8 agus 9 **d'Iarscríbhinn I** agus an gníomh dlí a liostaítear i **bpointí 6 agus 9a d'Iarscríbhinn II**, déanfar iad a ghlacadh faoin [3 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].

5. Na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe le haghaidh na ngníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 6, 10 agus 11 **d'Iarscríbhinn I**, agus na gníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 3, 4, 5 agus 9 **d'Iarscríbhinn II**, déanfar iad a ghlacadh faoin [5 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].

6. Na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe le haghaidh na ngníomhartha dlí a liostaítear **[...]** i bpointí 2, 5, 7 agus 12 **d'Iarscríbhinn I**, agus na gníomhartha dlí a liostaítear i bpointí [...] 7 **agus 8 d'Iarscríbhinn II**, déanfar iad a ghlacadh [6 bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].

**7. An tráthchlár le haghaidh ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo agus an idirthréimhse i gcomhréir le hAirteagal 24, leagtar amach iad in Iarscríbhinn III.**

PUBLIC

*Airteagal 13*

*Bogearraí cur chun feidhme tagartha*

1. Beidh an Coimisiún freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt, a bhféadfaidh na Ballstáit a fheidhmiú dá gcóras cúil seachas córas náisiúnta TF más rogha leo. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cruthú, cothabháil agus forbairt na mbogearraí cur chun feidhme tagartha.

2. Déanfaidh an Coimisiún na bogearraí tagartha cur chun feidhme a sholáthar, a chothabháil agus tacóidh sé leo saor in aisce.

**3. Leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha cuirfear comhéadan coiteann ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh le córais TF náisiúnta eile.**

*Airteagal 14*

*Costais an chórais TF dhíláraithe, an phointe rochtana leictreonaigh Eorpaigh agus na gcóras náisiúnta TF [...]*

1. Gach Ballstát **nó eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, íocfaidh sé na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil phointí rochtana an chórais TF dhíláraithe **[...] a bhfuil siad freagrach astu**.

2. Gach Ballstát **nó eintiteas a bhfuil pointe rochtana údaraithe e-CODEX á oibriú aige mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, íocfaidh sé na costais a bhaineann lena gcórais TF náisiúnta **ábhartha** a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus íocfaidh sé na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.

PUBLIC

3. Ní chuirfear cosc ar na Ballstáit cur isteach ar dheontais chun tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, faoi chláir airgeadais ábhartha an Aontais.

4. Is iad gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais a bheidh freagrach as na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil na gcomhpháirteanna sin ina bhfuil an córas TF díláraithe atá faoina gcúram.

5. Íocfaidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais na costais a bhaineann lena gcórais bainistithe cásanna a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus íocfaidh siad na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.

6. Íocfaidh an Coimisiún na costais go léir a bhaineann leis an bpointe rochtana leictreonach Eorpach.

*Airteagal 15*

*Faisnéis a tharchuirfear a chosaint*

1. Measfar gur rialaitheoir de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 nó Threoir (AE) 2016/680 é an t-údarás inniúil i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a sheoltar nó a fhaightear tríd an gcóras TF díláraithe.

2. Measfar gur rialaitheoir de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 é an Coimisiún i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag an bpointe rochtana leictreonach Eorpach.

3. Faisnéis a tharchuirtear i gcomhthéacs nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann chuig údarás inniúil eile, a mheastar a bheith rúnda **[...] faoi dhlí** an Bhallstát óna seoltar an fhaisnéis, áiritheoidh na húdaráis inniúla **[...] go mbeidh an fhaisnéis sin faoi réir na rialacha rúndachta a leagtar síos le dlí an Aontais agus** le dlí náisiúnta an Bhallstáit a bhfuil an fhaisnéis á seoladh chuige.



PUBLIC

*Airteagal 16*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[37] a bheidh ann.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 17*

*Faireachán agus meastóireacht*

1. **[...] Sé** bliana tar éis **dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in** Airteagal **[...] 12(6) agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin**, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus déanfaidh sé tuarascáil, arna tacú le faisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit agus arna bailiú ag an gCoimisiún, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. **[...] Mura mbeidh** feidhm ag nós imeachta coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, tabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún ar bhonn bliantúil an fhaisnéis seo **a leanas** atá ábhartha don mheastóireacht ar oibriú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo **[...]**:

[37] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13–18).



PUBLIC

(a) **ó cheithre bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm gach ceann de na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(3)-(6)**, na costais arna dtabhú **[...]** **chun a gcórais náisiúnta TF ábhartha a bhunú nó a choigeartú chun go mbeadh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana;**

(b) **ó chúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(4)**, fad na n-imeachtaí breithiúnacha céadchéime, ón tráth a fhaigheann an t-údarás inniúil an t-iarratas go dtí dáta an chinnidh, faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I, pointí 3, 4 agus 8, **[...] i gcás inarb infhaighte**;

**(c) ó chúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm gach ceann de na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(3)-(6), an fad ama chun faisnéis a tharchur faoin gcinneadh maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnais nó cinnidh bhreithiúnaigh nó, murar infheidhme, chun torthaí fhorghníomhaithe breithiúnais nó cinnidh bhreithiúnaigh a tharchur, faoi na gníomhartha dlí a liostaítear i bpointí 2-8 agus 9a-11 d'Iarscríbhinn II, arna ngrúpáil de réir an gnímh dlí comhfhreagraigh, i gcás inar infhaighte;**

**[...]**

(**[...] d**) **ó chúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm gach ceann de na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(3)-(6)**, líon **[...] na n-iarrataí arna dtarchur [...]** tríd an gcóras TF díláraithe **[...]** i gcomhréir le hAirteagal 3(**[...] 1**), **i gcás inarb infhaighte**.

**[...]**

PUBLIC

**3. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó chun na sonraí a bhailiú maidir le líon na n-éisteachtaí arna seoladh ag na húdaráis sin inar úsáideadh teicneolaíocht físchomhdhála nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 agus cuirfear na sonraí sin ar fáil don Choimisiún ó bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.**

4. Beidh na bogearraí cur chun feidhme tagartha agus, i gcás ina bhfuil sé feistithe chuige sin, an córas cúil náisiúnta, ríomhchláraithe chun na sonraí dá dtagraítear i b**pointí (b), (c) agus ([...]d)** de mhír **[...] 2** a bhailiú agus iad a tharchur chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil.

*Airteagal 18*

*Faisnéis atá le cur in iúl don Choimisiún*

**[...] 1**. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas in iúl don Choimisiún faoin [sé mhí tar éis an teacht i bhfeidhm] d'fhonn í a chur ar fáil tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas:

**[...]**

(**[...] a**) tuairisc ar na dlíthe náisiúnta agus ar na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme maidir le físchomhdháil **i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8**;

(**[...] b**) faisnéis faoi tháillí atá dlite in **[...] imeachtaí faoi na gníomhartha dlí a liostaítear in Iarscríbhinn I**;

(**[...] c**) mionsonraí maidir leis na modhanna íocaíochta leictreonacha atá ar fáil le haghaidh táillí atá dlite i gcásanna trasteorann;

Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an bhfaisnéis sin in iúl don Choimisiún gan mhoill.

PUBLIC

**[...] 2**. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún má tá siad in ann **Airteagal 7 nó Airteagal 8 a chur i bhfeidhm nó** an córas TF díláraithe a oibriú níos luaithe ná mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

PUBLIC

# CAIBIDIL VII

# LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA DLÍ I RÉIMSE AN CHOMHAIR BHREITHIÚNAIGH IN ÁBHAIR SHIBHIALTA AGUS THRÁCHTÁLA

*Airteagal 19*

*Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006*[38]

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 mar a leanas:

(1) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfear an t-iarratas isteach **[...]** trí mhodh leictreonach cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal **[...] 4** de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][39*], **i bhfoirm páipéir** nó trí aon mhodh cumarsáide eile, lena n-áirítear modh leictreonach, a nglacann an Ballstát tionscnaimh leis agus a bheidh ar fáil don chúirt tionscnaimh.’.

---

38 Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

39 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

(2) In Airteagal 7, mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘6. Síneoidh an t-éilitheoir, nó más infheidhme, a ionadaí, an t-iarratas. I gcás ina gcuirfear an t-iarratas isteach i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le mír 5, **[...] comhlíonfar an ceanglas an t-iarratas a shíniú** i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][40*]. Aithneofar an ríomhshíniú sa Bhallstát tionscnaimh agus ní fhéadfar é a chur faoi réir ceanglais bhreise.’.

**(3) In Airteagal 13, cuirtear mír 2 nua isteach:**

**‘(2) Féadfar an t-ordú íocaíochta Eorpach a sheirbheáil ar an gcosantóir trí mhodhanna leictreonacha seirbheála dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 19a de Rialachán (AE) 2020/1784.’**

(**[...] 4**) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuirfear an t-iarratas isteach [...] trí mhodh leictreonach cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal [...] **4** de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][41*], **i bhfoirm páipéir** nó trí aon mhodh cumarsáide eile, lena n-áirítear modh leictreonach, a nglacann an Ballstát tionscnaimh leis agus a bheidh ar fáil don chúirt tionscnaimh.’.

---

40 *Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

41 *Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).



PUBLIC

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘5. Síneoidh an t-éilitheoir, nó más infheidhme, a ionadaí, an ráiteas freasúra. I gcás ina gcuirfear an t-iarratas isteach i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le mír **[...] 4** den Airteagal seo, **[...] comhlíonfar an ceanglas an t-iarratas a shíniú** i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][42*]. Aithneofar an ríomhshíniú sa Bhallstát tionscnaimh agus ní fhéadfar é a chur faoi réir ceanglais bhreise.’.

PUBLIC

*Airteagal 20*

*Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 861/2007*[43]

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tosóidh an t-éilitheoir an Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga tríd an bhfoirm chaighdeánach éilimh, Foirm A, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo í, a líonadh isteach agus trína taisceadh go díreach leis an gcúirt nó leis an mbinse a bhfuil dlínse aici nó aige, tríd an bpost, trí mheán leictreonach cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal **[...] 4** de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][44*] nó trí aon mhodh cumarsáide eile, mar shampla facs nó ríomhphost, atá inghlactha ag an mBallstát ina gcuirtear tús leis an nós imeachta. Beidh cur síos ar an bhfoirm éilimh ar an bhfianaise atá ann chun tacú leis an éileamh agus beidh doiciméid tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an bhfoirm éilimh, i gcás inar iomchuí.’.

---

42 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

43 Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

44 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

**(2) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(a):**

**'(a) Trí sheirbhís poist,'**

**(3) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(b):**

**'(b) trí mhodhanna leictreonacha seirbheála dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 19a de Rialachán (AE) 2020/1784; nó'.**

**(4) In Airteagal 13, mír 1, cuirtear pointe (c) nua isteach mar a leanas:**

**'(c) tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach a bunaíodh faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE).../... [an Rialachán seo], ar choinníoll gur thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré go n-úsáidfí an modh sin chun doiciméid a sheirbheáil le linn na n-imeachtaí dlíthiúla sin.**

**(5) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:**

**'2. Gach cumarsáid nach dtagraítear di i mír 1 idir an chúirt nó an binse agus na páirtithe nó daoine eile a bhfuil baint acu leis na himeachtaí, déanfar í trí mheán leictreonach arna dhearbhú le hadmháil go bhfuarthas í, i gcás ina mbeidh na modhanna sin ar fáil go teicniúil agus go bhfuil siad inghlactha i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhallstáit ina bhfuil an Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga á sheoladh, ar choinníoll gur ghlac an páirtí nó an duine roimh ré leis an modh cumarsáide sin nó go bhfuil sé, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhallstáit ina bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí ar an bpáirtí nó ar an duine sin, faoi oibleagáid dhlíthiúil glacadh leis na modhanna cumarsáide sin, nó trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal [...] 4 de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*].'**



PUBLIC

(**[...] 6**) In Airteagal 15a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leis na páirtithe íocaíochtaí leictreonacha táillí cúirte a dhéanamh trí bhíthin modhanna cianíocaíochta lena ligfear do na páirtithe an íocaíocht a dhéanamh freisin ó Bhallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an chúirt nó an binse lonnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][45*].

*Airteagal 21*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 655/2014*[46]

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 mar a leanas:

(1) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfar an t-iarratas agus na doiciméid tacaíochta a chur isteach trí aon mhodh cumarsáide, lena n-áirítear modh leictreonach, atá inghlactha faoi rialacha nós imeachta an Bhallstáit ina dtaisctear an t-iarratas nó trí na modhanna leictreonacha cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal **[...] 4** de Rialachán (AE).../... [an Rialachán seo][47*].’

---

45 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

46 Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d’Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú (IO L 189, 27.6.2014, lch. 59).

47 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).



PUBLIC

PUBLIC

(2) In Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfear an cinneadh maidir leis an iarratas in iúl don chreidiúnaí i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear le dlí an Bhallstáit tionscnaimh maidir le horduithe náisiúnta coibhéiseacha nó leis na modhanna leictreonacha cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal **[...] 4** de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][48*].’.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

*‘Airteagal 29*

*Doiciméid a tharchur*

1. I gcás ina ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le tarchur doiciméad i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfar an tarchur sin i gcomhréir le Rialachán (AE).../... [an Rialachán seo][49*] maidir leis an gcumarsáid idir na húdaráis, nó trí aon mhodh iomchuí ina mbeidh an chumarsáid le déanamh ag creidiúnaithe, ar choinníoll go bhfuil ábhar an doiciméid a fhaightear fíor agus dílis d’ábhar an doiciméid a tarchuireadh agus gur soléite an fhaisnéis go léir atá ann.’.

2. An chúirt nó an t-údarás a fuair doiciméid i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, seolfaidh sé nó sí, faoi dheireadh an lae oibre tar éis lá a fhaighte:

(a) chuig an údarás a tharchuir na doiciméid, admháil go bhfuarthas iad, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][50*]; nó

---

48 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

49 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

50 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

(b) chuig an gcreidiúnaí nó an banc a tharchuir na doiciméid, admháil go bhfuarthas iad; agus úsáid a bhaint as an modh tarchurtha is tapúla dá bhfuil ann.

**[...] Úsáidfidh** an chúirt nó an t-údarás a fuair doiciméid i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo an fhoirm chaighdeánach a bunaíodh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 52(2).'.

PUBLIC

(4) Leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar an t-iarratas ar leigheas de bhun Airteagal 33, Airteagal 34 nó Airteagal 35 agus úsáid á baint as an bhfoirm leighis arna bunú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

Féadfar an t-iarratas a dhéanamh tráth ar bith agus féadfar é a thíolacadh:

(a) trí aon mhodh cumarsáide, lena n-áirítear modhanna leictreonacha, atá inghlactha faoi rialacha nós imeachta an Bhallstáit ina dtaisctear an t-iarratas;

(b) trí na modhanna leictreonacha cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal **[...] 4** de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*]][51*].'

[51] * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ach amháin i gcás inar chuir an féichiúnaí an t-iarratas isteach de bhun Airteagal 34(1), pointe (a) nó de bhun Airteagal 35(3) eiseofar an cinneadh maidir leis an iarratas tar éis an deis a bheith tugtha don dá pháirtí a gcás a chur i láthair, lena n-áirítear trí na modhanna iomchuí teicneolaíochta cumarsáide sin a bheidh ar fáil agus a mbeidh glacadh leo faoi dhlí náisiúnta gach Ballstáit lena mbaineann nó faoi Rialachán (AE) .../... [*an Rialachán seo*]][52*].’..

*Airteagal 22*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh.* ***[...] 2015/848***[53]

Leasaítear Rialachán (AE) **[...]** 2015/848 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte i mír 3 d’Airteagal 42: ‘Cuirfear an comhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... [an **[...] Rialachán** seo][54*],’.

---

52 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

53 Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19)

54 *Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).



PUBLIC

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 53:

*'Airteagal 53*

*An ceart éilimh a thaisceadh*

Féadfaidh aon chreidiúnaí eachtrach éilimh a thaisceadh in imeachtaí dócmhainneachta le haon mhodh cumarsáide a nglactar leis faoi dhlí an Stáit inar tionscnaíodh na himeachtaí nó trí na modhanna leictreonacha cumarsáide dá bhforáiltear in Airteagal**[...] 4** de Rialachán (AE).../... [an Rialachán seo][55]*.

Ní bheidh uiríoll dlíodóra ná gairmí dhlíthiúil eile éigeantach díreach chun críche éilimh a thaisceadh.'.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte i mír 3 d'Airteagal 57:

'Cuirfear an comhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) .../... [an ***[...] Rialachán*** seo][56*],'.

***Airteagal 22a***

***Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 805/2004[57]***

**Leasaítear Rialachán (AE) 805/2004 mar a leanas:**

**In Airteagal 13, mír 1, cuirtear pointe (e) nua isteach mar a leanas:**

**'(e) trí mhodhanna leictreonacha seirbheála dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 19a de Rialachán (AE) 2020/1784.'**

---

55 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

56 * Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).

**57 Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe (IO L 143, 30.4.2004, lch. 15).**



PUBLIC

*Airteagal 22b*

*Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 606/2013*[58]

**Leasaítear Rialachán (AE) 606/2013 mar a leanas:**

**(1) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:**

**'2. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol sa Bhallstát tionscnaimh, tabharfar an fógra i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i mBallstát seachas an Ballstát tionscnaimh, tabharfar an fógra trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é, nó a chomhionann sin, nó trí mheán leictreonach seirbheála dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 19a de Rialachán (AE) 2020/1784. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i dtríú tír, tabharfar an fógra trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é, nó a chomhionann.**

**Cásanna nach bhfuil seoladh an duine is cúis leis an mbaol ar eolas nó ina ndiúltaíonn an duine sin glacadh leis an bhfógra, déanfar iad a rialú le dlí an Bhallstáit tionscnaimh.'**

PUBLIC

**58 Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (IO L 181, 29.6.2013, lch. 4).**

**(2) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:**

**'4. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol sa Bhallstát a bhfuiltear ag díriú air, tabharfar an fógra i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i mBallstát seachas an Ballstát a bhfuiltear ag díriú air, tabharfar an fógra trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é, nó a chomhionann sin, nó trí mheán leictreonach seirbheála dá bhforáiltear in Airteagail 19 agus 19a de Rialachán (AE) 2020/1784. I gcás ina gcónaíonn an duine is cúis leis an mbaol i dtríú tír, tabharfar an fógra trí litir chláraithe agus tabharfar admháil go bhfuarthas é, nó a chomhionann.**

**Cásanna nach bhfuil seoladh an duine is cúis leis an mbaol ar eolas nó ina ndiúltaíonn an duine sin glacadh leis an bhfógra, déanfar iad a rialú le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air.'**

PUBLIC

***Airteagal 22c***

***Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 2020/1784[59]***

**Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1784 mar a leanas:**

**(1) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:**

**'(7) Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh na gníomhairí taidhleoireachta nó na hoifigigh chonsalacha, i gcásanna ina ndéanfar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 17, agus an t-údarás nó an duine, i gcásanna ina ndéanfar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagail 18, 19, 19a nó 20, an seolaí a chur ar an eolas go bhféadfaidh an seolaí diúltú glacadh leis an doiciméad agus gur gá foirm L in Iarscríbhinn I nó dearbhú scríofa diúltaithe a sheoladh chuig na gníomhairí nó oifigigh sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.**

[59] **Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú) (IO L 405, 2.12.2020, lch. 40).**

**(2) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:**

**'(3) Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir leis an modh tarchurtha agus seirbheála doiciméad breithiúnach dá bhforáiltear i Roinn 2 cé is moite d'Airteagal 19a.'**

**(3) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 19:**

***'Airteagal 19a***

***Seirbheáil leictreonach tríd an bpointe rochtana leictreonach Eorpach***

**(1) Duine a bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála aige i mBallstát eile, féadfar doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach air tríd an bpointe rochtana leictreonaí Eorpach a bunaíodh faoi Airteagal 4(1) de Rialachán (AE).../... [an Rialachán maidir le digiteáil], ar choinníoll gur thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré go n-úsáidfí an modh leictreonach sin chun doiciméid a sheirbheáil le linn na n-imeachtaí dlíthiúla sin.**

**(2) Deimhneoidh an seolaí go bhfuarthas na doiciméid le hadmháil go bhfuarthas iad, lena n-áirítear an dáta a bhfuarthas iad. Is é an dáta a shonraítear san admháil fála dáta seirbheála na ndoiciméad. Is amhlaidh a bheidh i gcás seirbheáil doiciméad a diúltaíodh a bhfuarthas leigheas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(5).'**

**(4) In Airteagal 37, cuirtear mír 3 nua isteach:**

**'(3) Beidh feidhm ag Airteagail 19a ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) .../...[an Rialachán seo].'**



PUBLIC

## CAIBIDIL VIII

## LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA DLÍ I RÉIMSE AN CHOMHAIR BHREITHIÚNAIGH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA

PUBLIC

*Airteagal 23*

*Leasú* ***[...] ar*** *Rialachán (AE) 2018/1805*[60]

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1805 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfar ordú reo a tharchur trí bhíthin deimhniú reo. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú reo dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán seo a tharchur go díreach chuig an údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, chuig an údarás lárnach dá dtagraítear in Airteagal 24(2) den Rialachán seo **[...]**.’.

(2) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tuairisceoidh an t-údarás forghníomhaitheach don údarás eisiúna maidir le forghníomhú an ordaithe reo, lena n-áirítear tuairisc ar an maoin chalctha agus, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, meastachán ar a luach. Déanfar an tuairisciú sin **[...]** gan moill mhíchuí a luaithe a chuirfear in iúl don údarás forghníomhaitheach go ndearnadh an t-ordú reo a fhorghníomhú.’

60 Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d’orduithe calctha agus d’orduithe coigistíochta (IO L 303, 28.11.2018, lch. 1).

(3) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Aon chinneadh a dhéanfar gan an t-ordú reo a aithint nó a fhorghníomhú, déanfar é gan mhoill agus tabharfar fógra ina leith láithreach don údarás eisiúna**[...]**[61].’

(4) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an cinneadh maidir leis an ordú reo a aithint agus a fhorghníomhú in iúl **[...]** gan mhoill **[...]**[62]**[...]** don údarás eisiúna.’

(5) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Tuairisceoidh **[...]** an t-údarás forghníomhaitheach don údarás eisiúna gan mhoill **[...]**[63]**[...]** gur cuireadh siar forghníomhú an ordaithe reo, máille leis na forais lena chur siar agus, más féidir, cé chomh fada a mheastar a mhairfidh an cur siar.’

PUBLIC

61 **[...]**
62 **[...]**
63 **[...]**

‘3. A luaithe a scoirfidh na forais don chur siar de bheith ann, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach láithreach na bearta is gá chun an t-ordú reo a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoi sin **[...]**[64].’

(6) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, agus imthosca an cháis á gcur san áireamh, iarraidh réasúnaithe a dhéanamh chuig an údarás eisiúna chun teorainn a chur leis an tréimhse a mbeidh an mhaoin le calcadh. Déanfar aon iarraidh mar sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis tacaíochta ábhartha, a tharchur **go díreach chuig an údarás eisiúna [...]**[65]. Agus iarraidh mar sin á scrúdú aige, cuirfidh an t-údarás eisiúna na leasanna uile san áireamh, lena n-áirítear leasanna an údaráis fhorghníomhaithigh. Tabharfaidh an t-údarás eisiúna freagra ar an iarraidh a luaithe is féidir. Mura n-aontaíonn an t-údarás eisiúna leis an teorannú, cuirfidh sé an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis sin. Sa chás sin, fanfaidh an mhaoin reoite de bheith reoite i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. Mura dtugann an t-údarás eisiúna freagra laistigh de shé seachtaine ón iarraidh a fháil, ní bheidh sé d’oibleagáid ar an údarás forghníomhaitheach a thuilleadh an t-ordú reo a fhorghníomhú.’

64 **[...]**
65 **[...]**



PUBLIC

(7) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfar ordú coigistíochta a tharchur trí bhíthin deimhniú coigistíochta. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an deimhniú coigistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Rialachán seo a tharchur go díreach chuig an údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, chuig an údarás lárnach dá dtagraítear in Airteagal 24(2) den Rialachán seo **[...]**[66].'.

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití i mír 3 d'Airteagal 16:

'Cuirfidh an t-údarás eisiúna **[...]**[67] an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach sna cásanna seo a leanas: (…)'

(9) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. A luaithe a bheidh forghníomhú ordaithe coistíochta curtha i gcrích, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas**[...]**[68]**[...]** maidir le torthaí an fhorghníomhaithe'.

---

66 **[...]**
67 **[...]**
68 **[...]**

(10) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'3. Aon chinneadh a dhéanfar gan an t-ordú coigistíochta a aithint nó a fhorghníomhú, déanfar é gan mhoill agus tabharfar fógra ina leith láithreach don údarás eisiúna **[...]**[69].'

(11) In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an cinneadh maidir leis an ordú coigistíochta a aithint agus a fhorghníomhú in iúl **[...]** gan mhoill **[...]**[70]**[...]** don údarás eisiúna.'

(12) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Tuairisceoidh **[...]** an t-údarás forghníomhaitheach don údarás eisiúna gan mhoill **[...]**[71]**[...]** gur cuireadh siar forghníomhú an ordaithe coigistíochta, máille leis na forais lena chur siar agus, más féidir, cé chomh fada a mheastar a mhairfidh an cur siar'.

PUBLIC

69 **[...]**
70 **[...]**
71 **[...]**

(13) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. A luaithe a scoirfidh na forais don chur siar de bheith ann, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na bearta is gá gan mhoill chun an t-ordú coigistíochta a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoi sin **[...]**[72].'

**(13a) In Airteagal 25:**

**(a) ba cheart an méid seo a leanas a chur in ionad an teidil:**

**'*Modhanna cumarsáide*'**

**(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:**

**'1. Cumarsáid oifigiúil faoin Rialachán seo idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach, go háirithe agus Airteagail 4(1), 7(2), 8(3), 9(4), 10(2), 10(3), 12(2), 14(1), 16(3), 18(6), 19(3), 20(2), 21(3), 21(4), 27(2), 27(3), 31(2)(an tríú fomhír) á gcur i bhfeidhm, déanfar an chumarsáid sin i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*][73]*.**

**I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, déanfar cumarsáid oifigiúil le húdarás lárnach nó le húdaráis lárnacha Ballstáit eile freisin i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE).../... [*an Rialachán seo*].**

72

73 *** Rialachán (AE) […/…] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L …).**



PUBLIC

**I gcás inar gá, rachaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle le chéile gan mhoill, trí mheán cumarsáide iomchuí ar bith, le háirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, .**

**I gcás ina bhforáiltear sa Rialachán seo gur féidir an chumarsáid idir na húdaráis a dhéanamh trí aon mhodh nó trí aon mhodh iomchuí, ba cheart rogha a bheith ag na húdaráis maidir leis an modh cumarsáide atá le húsáid.**

(14) In Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Cuirfidh an t-údarás eisiúna **[...]**[74]**[...]** an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach faoi aistarraingt ordaithe reo nó ordaithe coigistíochta, agus faoi aon chinneadh nó aon bheart is cúis le hordú reo nó ordú coigistíochta a bheith aistarraingthe.’

‘3. Foirceannfaidh an t-údarás forghníomhaitheach forghníomhú an ordaithe reo nó an ordaithe coigistíochta, a mhéid nár críochnaíodh an forghníomhú, a luaithe a bheidh sé curtha ar an eolas faoi ag an údarás eisiúna i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Seolfaidh **[...]** an t-údarás forghníomhaitheach dearbhú chuig an Stát eisiúna faoin bhfoirceannadh gan moill mhíchuí **[...]**[75]**[...]**.’

[74] **[...]**
[75] **[...]**



PUBLIC

(15) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tríú abairte i mír 2:

'Déanfar an comhairliúchán, nó ar a laghad toradh an chomhairliúcháin, a thaifeadadh **[...]**[76].'.

## CAIBIDIL IX
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 24*

*Forálacha idirthréimhseacha*

1. Tosóidh na Ballstáit ag úsáid an chórais TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), agus in Airteagal **[...] 4(1) agus** (2) ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse **[...] trí** bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(3).

   Úsáidfidh siad an córas TF díláraithe sin le haghaidh nósanna imeachta a thionscnófar ón lá dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Tosóidh na Ballstáit ag úsáid an chórais TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1), agus in Airteagal **[...] 4(1) agus** (2) ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse **[...] trí** bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(4).

   Úsáidfidh siad an córas TF díláraithe sin le haghaidh nósanna imeachta a thionscnófar ón lá dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

---

76 **[...]**



PUBLIC

3. Tosóidh na Ballstáit ag úsáid an chórais TF díláraithe dá dtagraítear in **Airteagal** 3(1), agus in Airteagal **[...] 4(1) agus** (2) ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse **[...] trí** bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(5).

   Úsáidfidh siad an córas TF díláraithe sin le haghaidh nósanna imeachta a thionscnófar ón lá dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Tosóidh na Ballstáit ag úsáid an chórais TF díláraithe dá dtagraítear in **Airteagal** 3(1), agus in **Airteagal [...] 4(1) agus** (2) ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse **[...] trí** bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12(6).

   Úsáidfidh siad an córas TF díláraithe sin le haghaidh nósanna imeachta a thionscnófar ón lá dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

*Airteagal 25*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón [gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain tar éis an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm]**.**

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN [...] I

## Nósanna imeachta dlíthiúla i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála

PUBLIC

*(1)* Treoir **[...] 2003**/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnamh dlí a chur ar fáil do na díospóidí sin.

*(2)* Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe.

*(3)* Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta.

*(4)* Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga.

*(5)* Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála.

*(6)* Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú.

*(7)* Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú).

***(7a)* Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta.**

*(8)* Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú.

*(9)* Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta.

*(10)* Rialachán (AE) 2016/1103 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2016 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus aithint agus forghníomhú cinntí in ábhair réimis maoine pósta.

*(11)* Rialachán (AE) 2016/1104 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2016 lena gcuirtear comhar feabhsaithe i réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus aithint agus forghníomhú cinntí in ábhair maidir le hiarmhairtí maoine páirtnéireachtaí cláraithe.

*(12)* Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí.



PUBLIC

## IARSCRÍBHINN [...] II

### Nósanna imeachta dlíthiúla i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla

***(1)[...]***

*(2)* Cinneadh Réime 2002/584/JHA ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit.

*(3)* Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh.

*(4)* Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais.

*(5)* Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta.

*(6)* Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach.

*(7)* Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha.

*(8)* Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach.

PUBLIC

*(9)* Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 ar easaontachtaí maidir le feidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú.

***(9a)*** **Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach.**

*(10)* Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla.

*(11)* Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta.

PUBLIC

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN III

**Amlíne le haghaidh na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún - Idirthréimhse**

**(1) Gníomh cur chun feidhme: Airteagal 12(3), 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin**

**Idirthréimhse: Airteagal 24(1), 3 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme**

**Gníomhartha dlí arna gcumhdach:**

- **Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta. (Iarscríbhinn I, pointe 3)**

- **Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga. (Iarscríbhinn I, pointe 4)**

- **Cinneadh Réime 2002/584/JHA ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit. (Iarscríbhinn II, pointe 2)**

- **Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla. (Iarscríbhinn II, pointe 10)**

- **Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta. (Iarscríbhinn II, pointe 11)**

**(2) Gníomh cur chun feidhme: Airteagal 12(4), 3 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin**

**Idirthréimhse: Airteagal 24(2), 3 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme**

**Gníomhartha dlí arna gcumhdach:**

- **Treoir 2003/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir leis an rochtain ar an gceartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a leagan síos a bhaineann le cúnamh dlí a chur ar fáil do na díospóidí sin. (Iarscríbhinn I, pointe 1)**

- **Rialachán (AE) Uimh. 606/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta (Iarscríbhinn I, pointe 7a).**

- **Rialachán (AE) Uimh. 655/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear nós imeachta d'Ordú Eorpach um Chaomhnú Cuntas chun aisghabháil fiach trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a éascú. (Iarscríbhinn I, pointe 8)**

- **Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta. (Iarscríbhinn I, pointe 9)**

- **Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach. (Iarscríbhinn II, pointe 6)**

- **Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach. (Iarscríbhinn II, pointe 9a)**



PUBLIC

**(3) Gníomh cur chun feidhme: Airteagal 12(5), 5 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin**

**Idirthréimhse: Airteagal 24(3), 3 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme**

**Gníomhartha dlí arna gcumhdach:**

- **Rialachán (AE) Uimh. 650/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla agus iad a fhorfheidhmiú in ábhair chomharbais agus maidir le Deimhniú Eorpach Comharbais a chruthú. (Iarscríbhinn I, pointe 6)**

- **Rialachán (AE) 2016/1103 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2016 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe i réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus aithint agus forghníomhú cinntí in ábhair réimis maoine pósta. (Iarscríbhinn I, pointe 10)**

- **Rialachán (AE) 2016/1104 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2016 lena gcuirtear comhar feabhsaithe i réimse na dlínse, an dlí is infheidhme agus aithint agus forghníomhú cinntí in ábhair maidir le hiarmhairtí maoine páirtnéireachtaí cláraithe. (Iarscríbhinn I, pointe 11)**

- **Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach d'fhonn maoin nó fianaise a chalcadh. (Iarscríbhinn II, pointe 3)**

- **Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais. (Iarscríbhinn II, pointe 4)**

- **Cinneadh Réime 2006/783/CGB ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2006 maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le horduithe coigistíochta. (Iarscríbhinn II, pointe 5)**

- **Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 ar easaontachtaí maidir le feidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú. (Iarscríbhinn II, pointe 9)**

**(4) Gníomh cur chun feidhme: Airteagal 12(6), 6 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin**

**Idirthréimhse: Airteagal 24(4), 3 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme**

**Gníomhartha dlí arna gcumhdach:**

- **Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe. (Iarscríbhinn I, pointe 2)**

- **Rialachán (CE) Uimh. 4/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus comhar in ábhair a bhaineann le hoibleagáidí cothabhála. (Iarscríbhinn I, pointe 5)**

- **Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú). (Iarscríbhinn I, pointe 7)**

- **Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí. (Iarscríbhinn I, pointe 12)**

- **Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh i ndáil le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha. (Iarscríbhinn II, pointe 7)**

- **Cinneadh Réime 2009/829/CGB ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2009 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm, idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ar chinntí faoi bhearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach. (Iarscríbhinn II, pointe 8)**

PUBLIC